# Tuairiscí Labhartha ar Phictiúir

(Ábhar Tacaíochta don Triail i Labhairt na Gaeilge)

Sliocht as:
*Sruth na Maoile*
*Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*,
Institiúid Oideachais Marino, 2009.

**Údair: Aodán Mac Suibhne agus Marie Whelton**

**Ealaín: Sarah Wimperis**

An Cháilíocht sa Ghaeilge
SCG - OCG
The Irish Language Requirement

NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Institiúid Oideachais Marino
Institute of Education
An Associated College of Trinity College Dublin, the University of Dublin

# Réamhrá

Baineann an chuid seo de *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* le forbairt scileanna labhartha. Is é an príomhchuspóir atá leis an modúl iomlán i Labhairt na Gaeilge ná cumas labhartha an Iarrthóra a fhorbairt. Déantar cúram de na nithe seo a leanas:

- tuiscint ar an bhfocal labhartha;
- líofacht cainte;
- cruinneas cainte;
- stór focal;
- foghraíocht;
- féinmhuinín i mbun labhartha.

Is sliocht é an píosa thíos as cúrsa níos faide i Labhairt na Gaeilge. Sa sliocht seo cuirtear ocht gcinn déag de phictiúir ar fáil. Baineann na pictiúir le **gnáthshaol pearsanta na nIarrthóirí** (Amuigh le Cairde, Ar Saoire, Bialann, An Phictiúrlann, Baile Beag, mar shampla), **lena saol mar fhoghlaimeoirí** (Sa Ghaeltacht, mar shampla), **lena saol gairmiúil mar mhúinteoirí** (An Seomra Ranga, mar shampla) agus **le saol na bpáistí a bhíonn á múineadh acu** (Oíche Shamhna, An Nollaig, Sneachta, Cois Farraige, mar shampla). Le gach pictiúr, cuirtear sraith de cheisteanna ar fáil chun cabhrú leis na hIarrthóirí mionchur síos a dhéanamh ar an bpictiúr agus tuairim a léiriú. Má chuireann Iarrthóirí ceisteanna ar a chéile faoi na pictiúir in Obair Bheirte, cothóidh sé sin cumas sna hIarrthóirí ceisteanna i nGaeilge a chur ar na páistí a bhíonn á múineadh acu. Is iad seo na teidil atá ar na pictiúir:

1. Baile Beag
2. Ar Maidin
3. An Seomra Ranga
4. Spórt
5. Oíche Shamhna
6. An Nollaig
7. Sneachta
8. Cois Farraige
9. Seomra Suite
10. An Aimsir
11. Amuigh le Cairde
12. Siopa
13. Leabhar
14. Bialann
15. An Phictiúrlann
16. Ag Ceannach Ticéid

17. Sa Ghaeltacht
18. Ar Saoire.

Ag an Triail i Labhairt na Gaeilge (O.C.G.), roghnóidh na Scrúdaitheoirí trí phictiúr as an ocht gcinn déag de phictiúir. Cuirfear na trí phictiúr sin os comhair an Iarrthóra. Tabharfar cúig nóiméad don Iarrthóir féachaint orthu agus ceann amháin díobh a roghnú. Nuair a bheidh an cúig nóiméad istigh, cuirfidh an tIarrthóir an pictiúr atá roghnaithe aige / aici in iúl do na Scrúdaitheoirí. Cuirfidh na Scrúdaitheoirí thart ar dheich gcinn de cheisteanna ar an Iarrthóir faoin bpictiúr sin chun a fháil amach an féidir leis an Iarrthóir mionchur síos a dhéanamh air agus tuairimí a léiriú. Beidh 20% de mharc iomlán na Trialach i Labhairt na Gaeilge ag dul don chuid seo den Triail.

# Baile Beag




Feicim sráid i mbaile beag. Tá siopaí éagsúla ar an tsráid, mar shampla, siopa poitigéara, ollmhargadh, bialann, siopa éadaigh, teach tábhairne agus leabharlann phoiblí. 'An Gob Fliuch' is ainm don teach tábhairne, 'Sin Stíl' is ainm don siopa éadaigh agus 'Greim le hIthe' is ainm don bhialann. Tá dath bándearg ar an siopa éadaigh agus dath buí atá ar an leabharlann.

Tá Garda ina sheasamh i lár an bhóthair agus a lámh chlé in airde aige. Tá an carr gorm á stopadh aige. B'fhéidir go bhfuil sé ag seiceáil an bhfuil cáin agus árachas ar an gcarr.

Tá fear ag teacht amach as an teach tábhairne agus tá an chuma air go bhfuil sé beagáinín súgach. Gar go leor don fhear seo, tá cailín ag siúl ar an gcosán agus madra ar iall aici. Is cosúil go bhfuil an bhean ar an gcosán chun dul isteach san ollmhargadh.

Feicim fear in airde ar dhréimire le buicéad agus éadach agus é ag glanadh fuinneoige. Tá an fear óg thíos ar an talamh ag siúl timpeall an dréimire – b'fhéidir go bhfuil sé piseogach.

Tá sé fiche chun a ceathair ar chlog an tséipéil. Ar spuaic an tséipéil, tá éan ina sheasamh agus os cionn an tséipéil, tá eitleán. Feicim dhá ghluaisteán i gclós an tséipéil. Sa chúlra, feicim sléibhte agus an fharraige. Lá breá gréine is ea é. Tá cúpla scamall sa spéir.

### Ceisteanna Samplacha

Cén radharc atá sa phictiúr seo?
Cén sórt siopaí a fheiceann tú ar an tsráid?
Céard is ainm don bhialann?
Cén dath atá ar an siopa éadaigh?
Ar mhaith leat dul chuig aon siopa ansin? Céard a cheannófá sa siopa sin?
Céard atá ar siúl ag an nGarda sin i lár an bhóthair?
Céard a cheapann tú faoin bhfear sin ag teacht amach as an teach tábhairne?
Cá bhfuil an fear sin ag dul anois, an dóigh leat?
Cá bhfuil an bhean leis an mála ag dul, meas tú?
Conas atá sí gléasta?
Céard a cheannóidh sí san ollmhargadh, an dóigh leat?
Cén fáth a bhfuil an fear óg ag siúl timpeall an dréimire?
Céard atá ar siúl ag an bhfear ar an dréimire?
An baile glan é? Cén fáth a ndeir tú é sin?
Cén t-am é ar chlog an tséipéil?
Cá bhfuil an t-éan ina sheasamh?
Cá bhfuil an t-eitleán?
Cé mhéad gluaisteán atá i gclós an tséipéil?
Céard atá sa chúlra?
Cén sórt lá é?

## Ar Maidin



Sa phictiúr seo feicim bean sa chistin. Tá sí ag ullmhú a lóin. Tá sí ag déanamh ceapaire. Ar an gcuntar tá cúpla slisne d'arán donn. Chomh maith leis sin feicim cáis, trátaí, scailliúin agus bosca lóin atá ar oscailt. Cáis bhán atá aici agus tá dath gorm ar leac an bhosca lóin. I lámh dheas na mná, tá scian agus ina lámh chlé, tá bosca ime.

Tá geansaí á chaitheamh aici agus tá gruaig ghearr dhonn uirthi.

Is cosúil gurb í an mhaidin atá ann agus déarfainn go bhfuil a raidió ar siúl agus go bhfuil sí ag éisteacht leis.

Taobh thiar den bhean feicim cófraí na cistine. Dath buí atá ar bhalla na cistine. Tá an dallóg ar an bhfuinneog leathoscailte. Lasmuigh den fhuinneog feicim an ghrian ag éirí agus spéir ghorm. Is cosúil gur lá deas é.

Déarfainn gur múinteoir í ach ní féidir liom a bheith cinnte.

## Ceisteanna Samplacha

Cén radharc atá sa phictiúr seo?
Cén seomra ina bhfuil an bhean?
Céard atá ar siúl aici?
Cén sórt aráin atá in úsáid aici?
Cén sórt bia a chuirfidh sí sa cheapaire?
Céard atá ina lámh aici?
Céard a dhéanfaidh an bhean leis an im?
Céard a dhéanfaidh sí leis an gceapaire nuair a bheidh sé déanta aici?
Cathain a íosfaidh sí an ceapaire?
Inis dom faoina cuid gruaige.
Cén t-am den lá atá ann, meas tú?
Meas tú, an bhfuil an raidió sin ar siúl?
Cén sórt cláir atá ar siúl, an dóigh leat?
Céard atá taobh thiar di?
Cén dath atá ar bhalla na cistine?
An bhfuil an dallóg dúnta?
Céard atá le feiceáil lasmuigh den fhuinneog?
Meas tú, an bhfuil an ghrian sin ag éirí nó ag dul faoi?
Cén saghas lá é?
Cén post atá ag an mbean seo, an dóigh leat?

## Seomra Ranga



Feicim seomra ranga. Tá an múinteoir ina seasamh ag barr an tseomra. Tá an clár bán idirghníomhach ar siúl. Ar an gclár feicim teach feirme, tarracóir, capall, bó agus dhá chaora.

Ar bhord an mhúinteora tá bláthanna – lusanna na gréine, is dóigh liom – agus cruinneog (an domhan).

Seisear páistí atá sa seomra ranga. I ngrúpa amháin tá ceathrar páistí. Is ciotóg í cailín amháin. Tá sí ag scríobh ina cóipleabhar agus a peann ina lámh chlé aici. Tá píosa páipéir á fhilleadh ag cailín eile, tá buachaill ag léamh as leabhar agus tá léarscáil na hÉireann á tarraingt ag buachaill eile. Ar an mbord, tá rialóir , bioróir agus scriosán.

Ina seasamh ag an doirteal tá buachaill agus cailín. Tá buidéal péinte gorm á dhúnadh ag buachaill amháin. Tá scuab phéinte á ní ag an gcailín. Tá an scuab ina lámh dheas aici agus tá uisce ag teacht as an mbuacaire. Níl a geansaí ag éirí fliuch mar tá a cuid muinchillí craptha suas aici.

Tá sé a ceathrú tar éis a dó ar an gclog ar an mballa. Tá píosaí ealaíne ar crochadh ar líne. Tá cótaí ar crochadh ar ráille. Sa chúinne feicim ríomhaire. Ar an gcófra in aice leis, tá cóipleabhair agus bosca lóin. Tá leabhair ar na seilfeanna. Tá seinnteoir dlúthdhioscaí ar bhord amháin. Tá doras an tseomra ranga dúnta. Dath gorm atá ar urlár an tseomra.

### Ceisteanna Samplacha

Cén radharc atá sa phictiúr seo?
Cá bhfuil an múinteoir?
Céard as a bhfuil sí ag baint úsáide?
Céard atá le feiceáil ar an gclár bán idirghníomhach?
Cé mhéad caora atá sa phictiúr?
Céard atá ar bhord an mhúinteora?
Cé mhéad páiste atá sa phictiúr?
Conas go bhfuil a fhios agat gur ciotóg í an cailín seo leis na spéaclaí?
Céard atá ar siúl ag an gcailín eile ag an mbord?
Céard atá á tharraingt ag an mbuachaill leis an ngruaig dhubh?
Cá bhfuil an bheirt pháistí eile ina seasamh?
Céard atá ar siúl ag an gcailín ag an doirteal?
Agus céard faoin mbuachaill ag an doirteal?
Cén t-am é ar an gclog ar an mballa?
An bhfuil aon obair Ealaíne ó na páistí le feiceáil sa seomra ranga?
Cá bhfuil pictiúir na bpáistí?
Céard atá sa chúinne?
Agus céard faoi na cótaí?
Cá bhfuil na leabhair atá sa seomra ranga?
Taispeáin dom an seinnteoir dlúthdhioscaí sa phictiúr.

# Spórt



Tá cluiche cispheile ar siúl i Halla Spóirt. Tá ceathrar sa phictiúr – triúr imreoirí agus réiteoir. Tá imreoir amháin tar éis an liathróid a chaitheamh. Tá sí ag iarraidh ciseán a fháil. Tá sí gléasta in éadaí spóirt dearga. Tá barr dearg agus bríste dearg uirthi – le stríoca bána orthu. Tá gruaig fhada dhubh uirthi agus í ceangailte siar le dhá ribín. Tá bróga reatha bána uirthi. Tá ball amháin eile óna foireann le feiceáil freisin.

Tá imreoir eile ann, gléasta in éadaí spóirt bhána. Tá barr bán agus bríste bán air – le stríoca gorma orthu. Tá sé ag iarraidh an liathróid a stopadh. Is dóigh liom go rachaidh an liathróid isteach sa chiseán.

Déarfainn gur múinteoirí iad na daoine seo agus go bhfuil siad ag imirt cispheile tar éis na scoile.

Tá culaith spóirt ar an réiteoir agus tá feadóg ina bhéal aige.

### Ceisteanna Samplacha

Céard atá ar siúl sa phictiúr seo?

Cá bhfuil na daoine seo go léir?
Cé mhéad duine atá sa phictiúr?
Cé mhéad imreoir atá sa phictiúr?
Conas atá an cailín gléasta?
An bhfuil sé fíor le rá go bhfuil a cuid éadaigh spóirt dearg ar fad?
Cén sórt bróg atá uirthi?
Cén sórt gruaige atá uirthi?
An bhfuil a cuid gruaige ina súile? Cén fáth nach bhfuil a cuid gruaige ina súile?
Céard atá an cailín leis an ngruaig dhubh tar éis a dhéanamh?
An bhfaighidh sí ciseán, meas tú?
An bhfuil aon duine ag iarraidh í a stopadh ciseán a fháil?
Conas atá an fear sin gléasta?
Taispeáin dom an réiteoir.
Conas atá an réiteoir gléasta?
Céard atá ina lámh chlé ag an réiteoir?

# Oíche Shamhna




Oíche Shamhna atá ann. Tá na páistí sa chistin sa bhaile. Tá féasta ar siúl agus tá siad ag imirt cluichí. Tá úlla ar crochadh ón tsíleáil agus tá ailp tógtha as úll amháin. Tá an cailín gléasta mar chailleach. Tá hata caillí ar a ceann aici, tá gruaig fhada ghlas chatach uirthi, agus tá péint ghlas ar a haghaidh agus ar a béal. Tá ingne fada dorcha uirthi. Tá púicín ar an mbuachaill. Tá gruaig dhearg spíceach air agus tá clóca dubh á chaitheamh aige. Tá péint bhán ar a aghaidh. Tá fíonchaora ina lámha aige.

Os comhair na bpáistí ar an mbord, tá torthaí, milseáin agus deoch. Tá ceithre bhanana ar an mbord, dhá oráiste, úll amháin, mála cnónna, dhá líreacán agus milseáin. Ar an mbord freisin, tá buidéal cóla agus é leath-lán. Dath corcra atá ar an éadach boird agus tá gréasán damhán alla air.

Sa chúlra, tá trí choinneal ar lasadh agus tá dhá phuimcín ar an gcuntar.

### Ceisteanna Samplacha

Cén oíche atá ann?
Cá bhfuil na páistí?

Céard atá ar siúl?
Cé mhéad úll atá sa phictiúr?
Cé mhéad úll atá ar crochadh ón tsíleáil?
Cé a thóg an ailp as an úll seo, meas tú?
Conas atá an cailín gléasta?
Céard atá ar a ceann aici?
Inis dom faoina cuid gruaige.
Agus céard faoina haghaidh agus a cuid ingne?
Céard faoi ghruaig an bhuachalla?
Céard atá ina lámha aige?
An féidir leis an mbuachaill na fíonchaora a fheiceáil? Cén fáth nach féidir?
Conas atá sé gléasta?
Céard atá ar an mbord os comhair na bpáistí?
Cé mhéad banana atá ar an mbord?
Cé mhéad oráiste atá ar an mbord?
Céard atá sa mhála ar an mbord?
Cé mhéad líreacán atá ar an mbord?
Conas go bhfuil a fhios agat go bhfuil cóla ólta acu?
Inis dom faoin éadach boird. Cén dath atá air?
Céard atá ag tabhairt solais do na páistí?
Cé mhéad puimcín atá sa phictiúr?

# An Nollaig



Lá Nollag atá ann. Tá dinnéar na Nollag ar an mbord. Ar an mbord feicim turcaí rósta, prátaí rósta, liamhás, bachlóga Bhruiséile agus súlach. Tá fear an tí ina sheasamh ag an mbord. Ina lámh, tá scian agus forc agus tá sé ag gearradh an turcaí. Tá crúiscín uisce ina lámh chlé ag bean an tí agus tá sí ag doirteadh amach gloine uisce don bhuachaill. Níl aon rud ar a phláta fós ag an mbuachaill. Tá pláta ina lámha ag an gcailín agus tá sí ag fanacht lena dinnéar. Ar an mbord, freisin, tá dhá naipcín. Tá éadach boird na Nollag ar an mbord agus cuileann air.

Tá tine mhór ar lasadh. Ar an matal, tá coinnle ar lasadh. Ina seasamh ar an matal, freisin, tá dhá chárta Nollag.

Sa chúlra feicim crann Nollag agus é maisithe go hálainn. Tá liathróidí ildaite air, soilse, cloigíní, aingeal, Daidí na Nollag beag, réinfhia agus pléascán Nollag. Ar bharr an chrainn, tá réalta. Tá leabhair ar an tseilf sa leabhragán.

### Ceisteanna Samplacha

Cén lá atá ann?
Céard a íosfaidh an chlann i gceann nóiméid?
Ainmnigh na bianna a íosfaidh siad.

Cé mhéad naipcín atá ar an mbord?
Céard atá á dhéanamh ag fear an tí?
Céard atá ina lámha ag fear an tí?
Céard atá ina lámh ag bean an tí?
Cén lámh ina bhfuil an crúiscín?
Céard atá á dhéanamh ag bean an tí?
Céard atá á dhéanamh ag an gcailín?
Inis dom faoin éadach boird.
Meas tú an bhfuil an seomra te nó fuar? Cén fáth a ndeir tú é sin?
Céard atá ar an matal?
Cé mhéad coinneal atá ar an matal?
Cé mhéad cárta Nollag atá ar an matal?
Taispeáin dom an crann Nollag.
Ainmnigh na maisiúcháin a fheiceann tú.
Cén áit ar an gcrann a bhfuil an réalta?
Taispeáin dom an leabhragán.

## Sneachta



Tá sneachta sa phictiúr. Tá brat bán sneachta ar an talamh.

I lár an phictiúir, tá fear sneachta. Tá hata dubh ar a cheann aige. Tá dhá phíosa guail mar shúile aige agus tá píosa de chraiceann oráiste aige mar bhéal. Cairéad atá aige mar shrón. Timpeall ar a mhuineál tá scaif ghorm. Ta calóga sneachta ar an scaif. Clocha atá aige mar chnaipí. Níl aige ach lámh amháin – géag.

Ar an talamh, in aice leis an bhfear sneachta, tá ceithre liathróid shneachta. Tá buachaill agus cailín ag súgradh sa sneachta. Tá an buachaill ag caitheamh liathróid shneachta leis an gcailín. Tá miotóga ar an mbuachaill, tá hata olla ar a cheann agus scaif ghorm timpeall ar a mhuineál. Chomh maith leis sin, tá seaicéad, bríste fada donn agus buataisí á gcaitheamh aige. Níl buataisí ar an gcailín. Tá bróga reatha uirthi, bríste fada glas, barr éadaigh dearg agus seaicéad gearr. Níl rud ar bith ar a ceann. Tá an buachaill go deas teolaí ach ní dóigh liom go bhfuil an cailín.

Taobh thiar den chailín, tá crann lom agus sneachta ina luí ar a ghéaga. Sa chúlra, feicim loch a bhfuil leac oighir air. Tá an leac oighir scoilte agus tá poll inti. Tá crainn eile sa chúlra agus sconsa in aice leo. Dath liath atá ar an spéir.

### Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Céard atá ar an talamh?
Céard atá ar a cheann ag an bhfear sneachta?
Céard atá aige mar shúile?
Céard atá aige mar bhéal?
Céard atá aige mar shrón?
Inis dúinn faoin scaif atá ar an bhfear sneachta.
Cé mhéad cnaipe atá ar an bhfear sneachta?
Céard atá aige mar chnaipí?
Cé mhéad lámh atá ag an bhfear sneachta?
Céard atá ag an bhfear sneachta mar lámh?
Céard atá ar an talamh in aice leis an bhfear sneachta?
Cé mhéad liathróid shneachta atá ar an talamh?
Cé mhéad duine atá sa phictiúr?
Céard atá ar siúl ag an mbuachaill?
Conas atá an buachaill gléasta?
An dóigh leat go bhfuil an buachaill fuar nó an bhfuil sé go deas teolaí? Cén fáth a ndeir tú é sin?
An dóigh leat go bhfuil an cailín go deas teolaí? Cén fáth a ndeir tú é sin?
Conas atá an cailín gléasta?
Déan cur síos ar an gcrann.
Céard atá ar an loch?
An rachfá amach ar an loch sin? Cén fáth?
Taispeáin dom an sconsa sa chúlra.
Cén dath atá ar an spéir?

## Cois Farraige



Tá na páistí cois farraige. Tá an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir, tá an spéir gorm ach tá cúpla scamall bán le feiceáil.

Tá an buachaill agus an cailín tar éis caisleán gainimh mór millteach a dhéanamh. Tá sliogáin ar an gcaisleán gainimh. Tá fuinneoga sa chaisleán agus tá doras á dhéanamh ag an gcailín lena méar. Ar bharr an chaisleáin, tá bratach bheag dhearg. Feicim bláth buí agus bán ar an mbratach. Timpeall an chaisleáin, tá móta uisce. Tá an cailín ar a glúine ar an trá. Culaith shnámha ghorm atá uirthi. In aice léi, tá buachaill ina sheasamh. Bríste snámha gorm atá air agus tá spád bheag dhearg ina lámh dheas aige. Tá sé ag féachaint ar an gcaisleán gainimh. Ina luí ar an trá, tá buicéad dearg.

Tá fear ag lapadaíl san uisce. Níl bróga ná stocaí air agus tá a bhríste craptha suas go dtí a ghlúine aige. Tá t-léine ghlas air agus tá hata gréine ar a cheann aige. Tá gloiní gréine air freisin.

Tá an fharraige ina clár. Ag snámh san fharraige, tá duine éigin. In aice leis an trá, tá aillte agus ina sheasamh ar charraig tá teach solais dearg agus bán. Níl an teach solais ar lasadh. Ag bun na spéire tá long.

## Ceisteanna Samplacha

Cá bhfuil na páistí?
Cén sórt aimsire atá ann?
Cé mhéad scamall atá sa spéir?
Céard atá déanta ag na páistí?
Céard atá ar an gcaisleán gainimh?
Céard atá á dhéanamh ag an gcailín?
Céard atá ar bharr an chaisleáin?
Céard atá timpeall an chaisleáin ghainimh?
Conas atá an cailín gléasta?
An bhfuil an buachaill ar a ghlúine?
Céard atá á chaitheamh ag an mbuachaill?
Céard air a bhfuil an buachaill ag féachaint?
Céard atá ina luí ar an trá in aice leis an gcaisleán gainimh?
Céard atá ar siúl ag an bhfear?
Céard atá déanta aige lena bhríste?
Céard eile atá á chaitheamh aige?
Cén fáth a bhfuil gloiní gréine air?
An bhfuil an fharraige garbh? Conas atá an fharraige?
Taispeáin dom na haillte.
Cá bhfuil an teach solais ina sheasamh?
Cén fáth nach bhfuil an teach solais ar lasadh?
Céard atá ag bun na spéire?

## Seomra Suite



Feicim seomra suite. Tá bean, fear agus déagóir ann.


Tá an bhean ina suí i gcathaoir uilleach ag féachaint ar an teilifís. Tá an cianrialtán ina lámh dheas aici. Tá sciorta donn uirthi, riteoga donna agus slipéir dhonna. Dath gorm atá ar a geansaí. Clár cócaireachta atá ar an teilifís. Tá an nuachtán á léamh ag an bhfear. Tá slipéir air, bríste fada liath agus léine ghorm. Tá a chuid spéaclaí thíos ar bharr a shróine aige. Tá a shúile dúnta ag an déagóir agus tá sé ag éisteacht lena *ipod.* Bróga reatha atá air, bríste fada donn agus t-léine ghlas.

Tá tine mhór ar lasadh. Tá dhá lampa ar lasadh os cionn an mhatail. Idir an dá lampa, tá pictiúr. San iomlán, tá ceithre phictiúr ar na ballaí. Ina luí ar an mata, os comhair na tine, tá madra. Tá an madra ina chodladh go sámh. Tá cluiche fichille leagtha amach ar an mbord caife. Pearóid ildaite atá sa chás.

### Ceisteanna Samplacha
Cén seomra a fheiceann tú?
Cé atá sa seomra suite?
Cá bhfuil an bhean ina suí?

Céard atá ina lámh aici?
Cén lámh ina bhfuil an cianrialtán?
Conas atá an bhean gléasta?
Céard atá ar an teilifís?
An bhfuil an fear ag féachaint ar an teilifís?
Céard atá ar siúl ag an bhfear?
Céard atá á chaitheamh aige?
Tá a shúile dúnta ag an déagóir. An dóigh leat go bhfuil sé ina chodladh?
Céard atá ar siúl ag an déagóir?
Conas atá sé gléasta?
An bhfuil an seomra suite fuar, meas tú? Cén fáth a ndeir tú é sin?
Taispeáin dom na lampaí os cionn an mhatail.
Céard ata idir na lampaí?
San iomlán, cé mhéad pictiúr atá ar na ballaí?
Inis dom faoin madra.
Céard atá leagtha amach ar an mbord caife?
Tá éan sa seomra suite, nach bhfuil? Cén sórt éin? Déan cur síos air.
An bhfuil aon seans ann go rachaidh an phearóid amach an fhuinneog?

# An Aimsir



Tá Réamhaisnéis na hAimsire ar siúl ar an teilifís. Tá an Réamhaisnéis á cur i láthair ag bean. Tá seaicéad bándearg agus blús bán uirthi. Tá gruaig fhada chatach dhonn uirthi. Tá sí ag síneadh a láimhe i dtreo léarscáil na hÉireann. Ar an léarscáil, tá siombailí de na cineálacha éagsúla aimsire a bheidh ar fud na tíre amárach.

Beidh sé ag cur báistí in iarthar na hÉireann. San oirthear beidh sé scamallach agus beidh tréimhsí geala gréine ann. Gaofar a bheidh sé sa deisceart. Aniar aneas a bheidh an ghaoth ag séideadh. Sa tuaisceart, beidh sneachta ann.

### Ceisteanna Samplacha

Céard atá ar siúl ar an teilifís?
Cé atá ag cur na réamhaisnéise i láthair?
Conas atá sí gléasta?
Cén dath atá ar a seaicéad?
Cén dath atá ar a blús?
Cén sórt gruaige atá uirthi?
Tá sí ag síneadh a láimhe i dtreo rud éigin. Céard é an rud sin?

An bhfeiceann tú léarscáil Shasana?
Cén léarscáil a fheiceann tú?
Cén sórt siombailí atá ar an léarscáil?
Cén sórt aimsire a bheidh in iarthar na hÉireann amárach?
Cén sórt aimsire a bheidh in oirthear na hÉireann?
Cén sórt aimsire a bheidh i ndeisceart na hÉireann?
Cén sórt aimsire a bheidh i dtuaisceart na hÉireann?
Cá mbeidh sé ag cur báistí?
Cá mbeidh tréimhsí geala gréine ann?
Cá mbeidh sé gaofar?
Cá mbeidh sé ag cur sneachta?
Cén treo as a mbeidh an ghaoth ag séideadh i ndeisceart na tíre?

## Amuigh le Cairde




Feicim daoine i dteach tábhairne. Cúigear ar fad atá ann – beirt fhear agus triúr ban.

Tá fear amháin ag seinm ar an ngiotár. Tá a shúile dúnta aige. Tá bríste glas air agus léine bhánbhuí. Tá croiméal air agus tá caipín ar a cheann aige. Tá leathphionta de leann dubh os a chomhair ar an mbord.

Tá an fear eile ag ól uisce beatha. Tá sé ag seinm ar an bhfeadóg mhór. Tá sé maol ach tá féasóg air. Tá sé ina shuí ar stól. Bríste fada dubh atá air agus léine bhánghorm.

Tá an bhean sa lár ag seinm ar an bhfidil. Tá sí gléasta i nglas ó bhun go barr. Tá riteoga glasa, gúna glas agus barr éadaigh glas uirthi. Tá gruaig fhada chatach uirthi agus fáinní cluaise móra. Tá gloine cóla os a comhair. In aice léi, tá bean eile ag ól gloine fíona. Tá gruaig rua uirthi, barr éadaigh gorm, sciorta bándearg le bláthanna air, riteoga gorma le spotaí agus bróga donna.

Tá an tríú bean ag canadh in ard a gutha. Tá a ceann caite siar aici agus a lámh chlé in airde. Gruaig ghearr dhorcha atá uirthi. Tá scaif oráiste timpeall ar a muineál agus tá gúna fada donn uirthi. Tá gloine uisce os a comhair.

Níl aon duine taobh thiar den chuntar. Tá a lán buidéal ar na seilfeanna. Trí phictiúr ar fad atá ar na ballaí. I lár an bhoird os comhair na ndaoine, tá mála criospaí oscailte. Ar an mbord, freisin, feicim eochracha gluaisteáin. Níl aon duine ag caitheamh tobac sa teach tábhairne. Níl cead acu.

### Ceisteanna Samplacha

Cén áit a bhfuil na daoine atá sa phictiúr?
Cé mhéad duine atá sa phictiúr?
Cé mhéad fear atá sa phictiúr?
Cé mhéad bean atá sa phictiúr?
Ainmnigh na huirlisí ceoil atá le feiceáil.
Taispeáin dom an fheadóg mhór.
Conas atá an fear leis an ngiotár gléasta?
Cén dath atá ar a bhríste?
Céard atá ar a cheann?
An bhfuil féasóg air? Céard atá air?
Taispeáin dom an fear maol?
Céard atá ar a aghaidh?
Cén seodra atá á chaitheamh ag an mbean leis an bhfidil?
Taispeáin dom an bhean leis an ngloine fíona.
Déan cur síos ar a sciorta.
Déan cur síos ar an mbean atá ag canadh.
Cén sórt deochanna atá ar an mbord?
Céard atá i lár an bhoird?
Céard atá ar na seilfeanna taobh thiar den chuntar?
Cé mhéad pictiúr atá ar na ballaí?
An bhfuil aon duine ag caitheamh tobac? Cén fáth?
Conas go bhfuil a fhios agat nach bhfuil cead ag aon duine tobac a chaitheamh?
Cén duine den chúigear a bheidh ag tiomáint abhaile, dar leat? Cén fáth a ndeir tú é sin?

# Siopa



Feicim siopa poitigéara. Tá custaiméir lasmuigh den chuntar agus tá oideas dochtúra á thabhairt aige don phoitigéir. Is léir go bhfuil an custaiméir an-tinn. Tá ciarsúr ina lámh dheas aige agus é in aghaidh a bhéil. Tá cóta gorm air, scaif timpeall ar a mhuineál agus tá lámhainní air, freisin.

Tá an poitigéir taobh thiar den chuntar. Tá cóta bán uirthi. Tá an t-oideas á thógáil aici ina lámh dheas. Gheobhaidh sí an t-oideas i gceann cúpla nóiméad.

Tá snas béil ar an gcuntar. Taobh thiar den phoitigéir, tá ríomhaire. Ar na seilfeanna, tá buidéil leighis, boscaí táibléad, scuaba fiacla, scuaba gruaige, béaldath agus smideadh eile.

### Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
Cén sórt siopa atá anseo?

Cé atá taobh thiar den chuntar?
Conas atá an poitigéir gléasta?
Cá bhfuil an custaiméir ina sheasamh?
Cén fhianaise atá sa phictiúr go bhfuil an custaiméir tinn?
Cén lámh ina bhfuil an ciarsúr ag an gcustaiméir?
Conas atá an custaiméir gléasta?
Céard atá á thabhairt ag an gcustaiméir don phoitigéir?
Cén lámh ina bhfuil an t-oideas ag an gcustaiméir?
Cén lámh ina bhfuil an t-oideas ag an bpoitigéir?
Céard a dhéanfaidh an poitigéir anois tar éis di an t-oideas a thógáil?
Céard atá ar an gcuntar?
Cá bhfuil an ríomhaire?
Céard atá ar na seilfeanna os cionn an ríomhaire?
Céard eile atá ar na seilfeanna sa siopa?
An bhfeiceann tú aon chineál scuaibe sa phictiúr?
Taispeáin dom na scuaba fiacla.
An bhfuil na scuaba gruaige ar sheilf níos airde nó ar sheilf níos ísle?
An bhfeiceann tú an smideadh sa phictiúr? Taispeáin dom é.
Taispeáin dom an béaldath.
Céard a dhéanfaidh an custaiméir nuair a rachaidh sé abhaile, dar leat?

## Leabhar




Feicim leabharlann. Tá leabharlannaí taobh thiar den chuntar agus tá cuma an-chrosta air. Is léir go bhfuil sé an-mhíshásta. Tá leabhar ar oscailt aige agus tá a mhéar ar an dáta laistigh den chlúdach. Tá sé ag féachaint ar an léitheoir lasmuigh den chuntar.

Tá cuma bhuartha ar an léitheoir agus is dóigh liom go bhfuil brón uirthi. Tá fíneáil á híoc aici – cúig euro. Is léir go raibh sí déanach ag teacht ar ais lena leabhar. Tá a lámh chlé ar leabhar eile. Tá sí ag iarraidh an leabhar seo a thógáil amach ar iasacht, déarfainn. Tá gruaig rua ar an léitheoir agus í ceangailte siar le ribíní glasa. Tá mála ar a gualainn aici.

Tá spéaclaí ar an leabharlannaí, léine ghorm agus geansaí liath.

Ar an gcuntar, tá comhartha a deir, "Ciúnas". Ar an gcuntar, freisin, tá bróisiúir eolais. Ar na seilfeanna taobh thiar den leabharlannaí, tá a lán leabhar ina seasamh go néata. Tá fuinneog taobh thiar den leabharlannaí, freisin. Ar leac na fuinneoige, tá planda. Lasmuigh den fhuinneog, feicim foirgnimh.

## Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Cé mhéad duine atá sa phictiúr?
Cá bhfuil siad?
Cén post atá ag an bhfear?
Cá bhfuil an leabharlannaí ina sheasamh?
Céard atá ina lámha aige?
An bhfuil an leabhar oscailte nó dúnta?
Céard air a bhfuil méar an leabharlannaí?
Cén sórt giúmair atá ar an leabharlannaí?
Cén fáth a bhfuil cuma chrosta ar an leabharlannaí?
Céard atá á thabhairt ag an léitheoir don leabharlannaí?
Cé mhéad airgead atá á thabhairt ag an léitheoir don leabharlannaí?
Cén fáth a bhfuil an léitheoir ag tabhairt airgid don leabharlannaí?
Cén sórt giúmair atá ar an léitheoir?
Cá bhfuil lámh chlé an léitheora?
Céard atá an léitheoir ag iarraidh a dhéanamh leis an leabhar seo?
Conas atá an léitheoir gléasta?
Céard atá ar a gualainn aici?
Inis dom faoina cuid gruaige.
Céard atá ar an gcuntar?
Cá bhfuil na leabhair eile atá sa phictiúr?
Céard eile a fheiceann tú sa chúlra?
Cá bhfuil an planda?
Céard atá lasmuigh den fhuinneog?

# Bialann



Feicim bialann. Tá ceathrar sa phictiúr – fear, bean, freastalaí agus príomhchócaire. Tá an fear agus an bhean ina suí ag bord. Is ócáid rómánsúil í.

Tá an biachlár á léamh ag an bhfear agus tá sé ag ordú béile. Tá crobhaing rósanna ina aice lena lámh chlé agus in aice leis na rósanna, tá bosca beag gorm. Déarfainn féin go bhfuil fáinne gealltanais sa bhosca beag gorm. Níl rud ar bith sa ghloine os comhair an fhir ach tá buidéal fíona oscailte i lár an bhoird. In aice leis an mbuidéal fíona, tá coinneal ach níl sí ar lasadh.

Tá fíon dearg i ngloine na mná. Tá an bhean ag labhairt ar a fón póca. Nuair a stopfaidh sí ag caint ar an bhfón, nó nuair a bheidh an béile thart, cuirfidh an fear ceiliúr pósta uirthi, déarfainn.

Ina sheasamh in aice leis an mbord, tá an freastalaí. Ina lámh dheas, tá leabhar nótaí agus ina lámh chlé, tá peann. Tá ordú an fhir á scríobh síos aige. Tá

naprún bán agus léine bhán air. Tá veist dhubh air agus, caite thar a ghualainn, tá éadach bán.

Sa chúlra taobh thiar den fhreastalaí, feicim an príomhchócaire sa chistin. Tá sé gléasta in éadaí bána agus tá hata príomhchócaire ar a cheann aige.

Tá solas ar lasadh os cionn an bhoird. Ar deis, tá lampa ar lasadh. Os cionn an lampa, tá pictiúr de bhád seoil ar fharraige ghorm. Tá dhá chóta ar crochadh ar an seastán cótaí – ceann amháin acu fada agus an ceann eile gearr. Faoin gcóta gearr, tá scáth báistí. In aice leis na cótaí, tá planda. Feicim doras amháin a théann go leithreas na bhfear agus ceann eile a théann go dtí leithreas na mban.

### Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Cé mhéad duine atá sa phictiúr?
Cé atá ina suí ag an mbord?
Cá bhfuil an freastalaí?
Cé atá sa chistin?
Céard atá ar siúl ag an bhfear ag an mbord?
Céard atá á léamh aige?
Cén fhianaise atá sa phictiúr gur ócáid rómánsúil í?
Céard atá in aice le lámh chlé an fhir?
Céard atá sa bhosca beag gorm, an dóigh leat?
Céard a dhéanfaidh an fear leis an bhfáinne gealltanais tar éis tamaill, an dóigh leat?
Céard atá i lár an bhoird?
Taispeáin dom an choinneal.
Conas atá an freastalaí gléasta?
Céard atá i lámh dheas an fhreastalaí?
Cá bhfuil an peann aige?
Céard atá caite thar ghualainn an fhreastalaí?
Céard atá ar siúl ag an mbean?
Cé leis a bhfuil sí ag labhairt, meas tú?
Céard atá ar lasadh os cionn an bhoird?
Céard atá sa phictiúr os cionn an lampa?
Taispeáin dom an doras ag dul go leithreas na mban.
Taispeáin dom an doras ag dul go leithreas na bhfear.

# An Phictiúrlann




Feicim pictiúrlann. Tá scuaine daoine ag oifig na dticéad. Tá ticéad á cheannach ag bean amháin. Tá an ticéad á thógáil aici agus tá airgead á thabhairt aici do bhean na dticéad.

Cúigear ar fad atá sa scuaine. Tá an dara bean ag cuardach ina mála. Tá sí ag lorg airgid, is dócha. Tá cóta glas le cochall ar an tríú duine. Tá cóta oráiste á chaitheamh ag an gceathrú duine. Tá mála droma ar an gcailín ag deireadh na scuaine.


Tá cailín beag ag an siopa milseán. Tá uachtar reoite agus buidéal oráiste á gceannach aici ón mbean sa siopa. Tá grán rósta, mála milseán agus seacláid ar taispeáint. Tá póstaer don scannán “The Dilemma” ar crochadh in aice le hoifig na dticéad. Brat urláir glas atá ar an urlár.

### Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
Cé atá in oifig na dticéad?
Céard atá ar siúl ag an mbean in oifig na dticéad?

Cé mhéad duine atá sa scuaine?
Céard atá á dhéanamh ag an gcéad duine sa scuaine?
Céard atá á thabhairt aici do bhean na dticéad?
Céard atá á thógáil aici ó bhean na dticéad?
Céard atá ar siúl ag an dara duine sa scuaine?
Conas atá an tríú duine sa scuaine gléasta?
Cén sórt cóta atá á chaitheamh ag an gceathrú duine sa scuaine?
Céard atá ar a droim ag an duine deireanach sa scuaine?
Cén áit sa phictiúr ina bhfuil an cailín beag?
Céard atá á cheannach ag an gcailín beag?
Céard atá ar taispeáint sa siopa?
Cá bhfuil an póstaer don scannán “ The Dilemma” ar crochadh?
Cén dath atá ar an mbrat urláir?
Céard a dhéanfaidh na daoine tar éis dóibh na ticéid a cheannach?

## Ag Ceannach Ticéid



Feicim stáisiún traenach. Tá fear óg ag oifig na dticéad agus tá ticéad traenach á cheannach aige. Tá airgead á thabhairt aige do bhean na dticéad. Tá an ticéad traenach á thabhairt ag an mbean dó. Tá t-léine bhuí agus bríste géine gorm air. Tá a mhála droma ar an urlár in aice leis. Rachaidh an fear óg ar bord na traenach i gceann cúpla nóiméad. Gheobhaidh sé suíochán, cuirfidh sé a mhála droma ar an ráille agus suífidh sé síos.

Tá bean na dticéad ag obair in oifig na dticéad. Tá blús bán uirthi agus carbhat gorm agus dúghorm. Tá sé deich nóiméad chun a cúig ar an gclog ar an mballa in aice léi.

Níl aon duine sa scuaine ach amháin an fear óg. Tá trí chathaoir taobh thiar den fhear ach níl aon duine ina shuí orthu.


Sa chúlra feicim traein ghlas ina stad ag an ardán. Tá bean le cás ina lámh dheas aici ag dul ar bord na traenach. Tá barr éadaigh donn, sciorta dubh,

riteoga donna agus bróga dubha uirthi. Feicim fear ina shuí ar an traein agus an nuachtán á léamh aige. Níl aon phaisinéirí eile le feiceáil.

### Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú?
Cé atá ag oifig na dticéad?
Cá bhfuil bean na dticéad?
Conas atá an fear óg gléasta?
Cén sórt bríste atá air?
Cá bhfuil a mhála droma?
Céard atá á cheannach ag an bhfear óg?
Céard atá á thabhairt ag an bhfear do bhean na dticéad?
Céard atá á thabhairt ag an mbean don fhear?
Cén lámh ina bhfuil an ticéad ag an mbean?
Cén t-am é ar an gclog?
Céard atá taobh thiar den fhear?
Céard a fheiceann tú sa chúlra?
An bhfuil an traein ag gluaiseacht nó an bhfuil sí ina stad?
Cé atá ag dul ar bord na traenach?
Conas atá an bhean atá ag dul ar bord na traenach gléasta?
Cén lámh ina bhfuil a cás aici?
An bhfuil aon phaisinéirí eile le feiceáil?
Céard atá á dhéanamh ag an bhfear ar an traein?

# Sa Ghaeltacht




Feicim daoine sa Ghaeltacht. Tá cúigear sa phictiúr. Tá siad i Halla an Choláiste. Tá damhsa á chleachtadh agus tá dráma á chleachtadh. An iarnóin atá ann, déarfainn mar níl mórán daoine sa Halla.

Tá fear agus bean ar an urlár agus iad ag cleachtadh damhsa. Tá siad ag luascadh agus tá greim láimhe acu ar a chéile. Tá t-léine ghorm, bríste glas agus bróga donna ar an bhfear.

Ina shuí ar chathaoir dhearg in aice leis an mballa, tá múinteoir. Tá micreafón ina lámh dheas aige ach níl sé ag labhairt isteach ann. Tá seinnteoir dlúthdhioscaí ar an urlár in aice leis. Déarfainn go bhfuil ceol Gaelach ag teacht as mar tá an bheirt os comhair an mhúinteora ag rince. Tá geansaí glas, bríste liath agus bróga liatha ar an múinteoir.


Os cionn an mhúinteora ar an mballa, tá dhá chomhartha. Deir ceann amháin, ’Labhair Gaeilge’. Deir an ceann eile, ‘Beatha Teanga í a Labhairt’.

Ar an ardán sa halla, tá fear agus bean ag cleachtadh do dhráma. Tá gúna fada glas ar an mbean. Tá geansaí dubh agus bríste liath ar an bhfear. Tá na cuirtíní ar oscailt.

### Ceisteanna Samplacha

Cá bhfuil na daoine seo go léir atá sa phictiúr?
Cén fáth a ndeir tú go bhfuil siad sa Ghaeltacht?
Cé mhéad duine atá sa Halla?
An bhfuil céilí mór ar siúl, meas tú?
Conas go bhfuil a fhios agat nach bhfuil céilí mór ar siúl?
Céard atá ar siúl ag an mbeirt ar an urlár?
Conas atá an fear atá ag damhsa gléasta?
Céard as a bhfuil an ceol ag teacht, meas tú?
Cá bhfuil an seinnteoir dlúthdhioscaí?
Cé hé an fear sin in aice leis an seinnteoir dlúthdhioscaí?
Céard atá ina lámh aige?
Cén dath atá ar a bhríste?
Cá bhfuil an múinteoir ina shuí?
Céard atá os cionn an mhúinteora ar an mballa?
Cé air a bhfuil an múinteoir ag féachaint?
Céard atá ar siúl ag an mbeirt ar an ardán?
Conas atá an bhean ar an ardán gléasta?
Conas atá an fear ar an ardán gléasta?
An bhfuil na cuirtíní ar an ardán oscailte nó dúnta?
Cén chuid den lá atá ann, meas tú?
Céard a dhéanfaidh na foghlaimeoirí nuair a bheidh an cleachtadh damhsa agus an cleachtadh don dráma thart?

## Ar Saoire



Feicim fear agus bean ar saoire in áit éigin thar lear. Déarfainn go bhfuil siad san Iodáil, - sa Róimh, b'fhéidir. Tá bean ina seasamh os comhair scairdeán uisce. Tá gúna fada bándearg agus cuaráin dhearga uirthi. Sílim go bhfuil bonn airgid á chaitheamh isteach sa scairdeán uisce aici. Tá guí á déanamh aici ag an am céanna, is dócha. Níl a fhios agam céard atá á lorg aici – saol fada sona, b'fhéidir, lena fear céile ach tugaim faoi deara nach bhfuil fáinne á chaitheamh aici. B'fhéidir nach bhfuil siad pósta ar chor ar bith.

Tá grianghraf á thógáil ag an bhfear le ceamara digiteach. Tá seisean gléasta in éadaí samhraidh. Tá t-léine bhuí bhláfar á caitheamh aige, bríste gearr gorm agus tá hata gréine ar a cheann aige.

Ar an tsráid in aice leis an gcúpla, tá duine óg ar a ghogaide ag tarraingt pictiúir ar an tsráid. Sa chúlra, tá fear ag díol torthaí. Sa chúlra, freisin, tá foirgnimh arda. Tá an aimsir go hálainn. Tá sé geal agus grianmhar.

## Ceisteanna Samplacha

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?
An bhfuil na daoine sa phictiúr seo in Éirinn, meas tú?
Cén tír ina bhfuil siad, an dóigh leat?
Cá bhfuil an bhean ina seasamh?
Taispeáin dom an scairdeán uisce.
Céard atá á dhéanamh ag an mbean?
Cén fáth, meas tú, a bhfuil bonn airgid á chaitheamh aici?
Céard eile atá á dhéanamh aici ag an am céanna, meas tú?
Céard atá á lorg aici, meas tú?
An dóigh leat go bhfuil an bhean agus an fear pósta? Cén fáth a ndeir tú é sin?
Céard atá á dhéanamh ag an bhfear os comhair na mná?
Céard atá ina lámha aige?
Conas atá sé gléasta?
Céard atá ar a cheann aige?
Inis dúinn faoin t-léine atá á caitheamh aige.
Céard atá á dhéanamh ag an duine óg ar a ghogaide?
Céard atá ar siúl ag an bhfear sa chúlra?
Céard atá á dhíol ag an bhfear?
Céard eile atá sa chúlra?
Cén sórt aimsire atá ann?
Ar mhaith leatsa a bheith ar saoire ansin?
An raibh tú féin riamh san Iodáil? Inis dom faoi.